# Fiosrúchán Triantáin

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás (Cruthanna 2T)<br>*Naisc Thraschuraclaim - An Domhan Thart Orainn, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Labhairt ar na hábhair agus an trealamh atá ar fáil le gníomhaíocht a dhéanamh agus iad a úsáid<br>• Eagar a léiriú ina gcuid oibre praiticiúla<br>• A gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | teanga an chrutha 2T, ainmneacha agus airíonna, comhcheangail |
| **Áiseanna** | Anglegs, Geostrips, ábhair thógála eile |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Úsáideann daltaí ábhair dhifriúla thógála cosúil le Anglegs nó Geostrips le cineálacha agus méideanna difriúla de chruthanna 2T a fhiosrú. Mar shampla, úsáideann daltaí na stiallacha daite le triantáin a dhéanamh. Tosaigh le triantáin ina bhfuil na sleasa ar comhfhad. Sín chuig daltaí ag úsáid fad de shleasa difriúla. Labhair faoi na cineálacha difriúla triantán agus an chuma atá orthu, m.sh., fad na sleasa nó a suíomh. Iarr orthu a fháil amach cá mhéad triantán difriúil is féidir leo a dhéanamh ag úsáid na stiallacha atá acu. Spreag iad leis na rudaí seo a thaifeadadh, m.sh., grianghraif a thógáil.
Is féidir é seo a athdhéanamh le cruthanna 2T eile cosúil le cearnóga agus dronuilleoga a fhiosrú.

### 2 Gníomhaíocht 2

- Triantáin a chuardach sa timpeallacht.
- Ar Uirlís Sórtála Mol Mata, tarraing pictiúr le triantán ag úsáid an méid is mó dathanna agus triantáin dhifriúla agus is féidir.
- Déan triantáin dhifriúla as spaigití agus blu tac, leamhacháin nó milseáin bhoga eile. Pléigh cad atá déanta agus an bhfuil ábhar níos fearr ná olann is féidir linn a úsáid.
- Cineálacha difriúla triantán a shórtáil.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad triantán a rinne tú?<br>• Cad é an difear idir triantán agus cearnóg/ciorcal/dronuilleog?<br>• Cén pictiúr is féidir leat a dhéanamh le do thriantáin/chearnóga dhronuilleoga? | • Cuir dhá thriantán i gcomparáid. Cad é mar atá siad mar an gcéanna? Cad é mar atá siad difriúil?<br>• Cad é mar is féidir leat do chruthanna a shórtáil? Mar shampla, de réir datha, méide?<br>• Cad chuige ar shórtáil tú do thriantáin ar an dóigh seo? |

## Difreáil

Socraigh líon stiallacha nó cineálacha cruthanna de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.